

24 Márta 2020

Fógra d'Fhostóirí

An Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá le hoibriú ag na Coimisinéirí Ioncaim

D'fhógair na Coimisinéirí Ioncaim inniu go mbunófaí Scéim Shealadach Fóirdheontais Pá mar fhreagra ar thionchar geilleagrach COVID-19. Oibreoidh na Coimisinéirí Ioncaim an scéim seo agus ligeann sé d'fhostaithe, a bhfuil tionchar ag an bpaindéim ar a bhfostóirí, tacaíochtaí suntasacha a fháil go díreach óna bhfostóir. Beidh an scéim fóirdheontais i bhfeidhm ó 26 Márta 2020.

Tagann an Fóirdheontas Sealadach Pá in áit na Scéime Aisíocaíochta COVID-19 d'Fhostóirí a bhí ann roimhe agus méadaíonn sé go mór an íocaíocht tacaíochta ón €203 sa tseachtain do gach fostaí faoi láthair. Beidh na Coimisinéirí Ioncaim ag déanamh teagmhála le gach fostaí a chuir isteach ar an scéim roimhe seo le hiad a chur ar an eolas faoi na socruithe feabhsaithe tacaíochta agus le roghanna a chur ar fáil chun aistriú chuig an scéim nua fóirdheontais.

Tá an scéim ar fáil d'fhostóirí ó gach earnáil (seachas an státseirbhís agus an earnáil leathstáit neamhthráchtála) atá buailte ag an bpaindéim COVID-19. Go ginearálta, is aisíocaíocht é an fóirdheontas d'fhostóirí cáilitheacha i leith suas le 70% de mheán-ghlanphá seachtainiúil an fhostaí (nó a choibhéis i gcás minicíochtaí pá míosúla nó coicísiúla) suas le €410 sa tseachtain in aghaidh an fhostaí.

Chun cáiliú don scéim seo, ní mór d'fhostóirí na coinníollacha seo a chomhlíonadh:

- cur isteach suntasach geilleagrach diúltach a bheith air de thoradh COVID-19;
- a bheith in ann a léiriú chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim go raibh laghdú 25% sa láimhdeachas;
- gan a bheith in ann gnáthphá agus eisíocaíochtaí a íoc ina n-iomláine;
- go gcoinneoidh sé fostaíthe ar an bpárolla; agus
- dian-iarracht a dhéanamh ioncam suntasach, nó ioncam 100 faoin gcéad, a choinneáil le linn thréimhse an fhóirdheontais.

Foilseofar ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ainmneacha gach fóstóra a oibríonn an scéim seo.

Tá an scéim seo srianta d'fhostaithe, atá ar thaifid phárolla an fhostóra amhail an 29 Feabhra 2020, a ndearna an fostóir tíolacadh párolla ina leith cheana féin chuig na Coimisinéirí Ioncaim sa tréimhse ón 1 Feabhra 2020 go 15 Márta 2020. Ní mór nach raibh éileamh déanta ag an bhfostaí i leith íocaíocht den chineál céanna ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Cén chaoi le hiarratas a dhéanamh

Ní mór d'fhostóirí, nó dá ngníomhairí, iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim chun an scéim a oibriú trí na céimeanna seo a leanúint a dhéanamh:

- Logáil isteach ar M'Fhiosruithe ar ROS agus roghnaigh an chatagóir '**COVID-19: Fóirdheontas Sealadach Pá**'
- Léigh an "**Féin-Dearbhú um an bhFóirdheontas Sealadach Pá COVID-19**" agus brúigh an cnaipe '**Tíolaic**'.
- Ní mór d'fhostóirí sonraí cuntais bainc aisíocaíochta a chur ar an taifead ach logáil isteach ar ROS agus faoi 'Bainistigh cuntais bainc', 'Bainistigh ríomhaistriú airgid', an cuntas bainc aisíocaíochta a chur isteach a bhfuil an aisíocaíocht le déanamh ann.

Tá sonraí na scéime ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar:

<https://www.revenue.ie/ga/corporate/communications/covid19/temporary-covid-19-wage-subsidy-scheme.aspx>